

ÓRÁN AN BHÁD DÓIGHTE.

Bád a dóigheadh i gCárna.

Nar laga Rí na ngrásta Liodán istigh i gCárna

Nach dtug a ceann ab fhearr riamh dho aon fhear

Mar is amhlaidh 's mó bhí a dhream i ngoirm mhór sgach áit.

Agus ealach trom acab ar bharr na sléibhte.

Maolaidh 'sa Tráigh Bháin col ceathar a mháthar.

Chonnigh an cliú 'sa bpáirt seo dhe Éirinn

Ach céibri dhóigh an bád béidh sé fós faoi smál

Mar a maithfhidh Rí na nGrást an sgéul do.

Athair agus Ard Rí iarraimse do phardún

Ní agam atá an bhreith thabhairt ar aon fhear

Ach go mo cúis í bhí ro mhór dhul a lasadh toghadh báid seóil

'S ní raibh a leithid ar Chuan Chinn Sáile

Nach iomadh punt is céud cailleadh le í ghléasa

'S nach mairg a bhainn an bláth di.

Tá faoisdín géara le deanamh ar son a' sgéuil

Tá roinnt dhe chumhacht Mhic Dé ag an Eaglais

Nuair séidfear an trumpann bhudharta beidh an taér chomh dubh le gual

Eirigheochaidh na mairbh as uath fré chéile

Eirigheóchaidh an fhairrige mhór ina deatach 's ina ceo

Nuair a thiubhrfar breith ar sluaighte an árd Rí

Pebri cé dhóigh an bad bhí Cromaill ina pháirt

An áit na bpianta in Ifreann dhfag an péire

Admhuighdis an cas mar's olc i an aithrigh mhall

Tá 'n branda orrthab nach bféudhfaidh siad a sheanadh

'S a raibh sé ús na thall fir a' bith a bfearr

Ná na Loideáin nuair bhídis an aonfeacht

Ach go mba Loideánach bréagh saibh é

Is gur ar aghaidh na bhfear a' bfearr a bhíodh feuchaint
Nuair theighdis ina bhaile mhóir bhíodh láimh 'ga chraitheadh leóthabh
Agus rum acab dhá ól agus brande
Bhí an taobh eile dhíob chomh gáibhtheach le airgead is báid
Clann Dhonnachadh bhreagh na Céise
'S nach iad a muinntir atá dall
Tá ag iarraidh an ceann is fearr
Mar fríob ar Oisín indiadh na Féine
Nuair a chruinnigh orrthab coisir Maithnighní agus Seóisge
A raibh ó Bhaile an Róba isteach an aonfhacht
bhriseadar a'lóisde agus spreagadar a gcongnamh
'Gur ghlanadar gan stróbh an taonach

20/3/32